



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséal, 19 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

EUCO 17/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0810(NLE)**

CO EUR 13
INST 344
CONSULT 5
PE 110
ECOFIN 892
UEM 249

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle Eorpach
Ábhar:	Ceapachán chomhalta Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh - Comhairliúchán ó Pharlaimint na hEorpa - Comhairliúchán ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí sna hIarscríbhinní na dréachtlitreacha ó

Uachtarán na Comhairle Eorpaí chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus chuig Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh faoi seach d'fhonn comhalta a cheapadh ar Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

Cuirfear an Moladh ón gComhairle (12137/23) agus CV Piero CIPOLLONE faoi iamh sna litreacha.

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle Eorpaí

chuig: Uachtarán Parlaimint na hEorpa

A chara,

An 19 Meán Fómhair 2023, chuir an Chomhairle moladh faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, moladh atá i gcomhréir le hAirteagal 283(2) CFAE maidir le comhalta a cheapadh ar Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh [tag. 2023/0810 (NLE)].

I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 283(2) CFAE, leis seo téann an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i dtaobh an mholta sin. Táthar ag dul i gcomhairle freisin le Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Ba mhór ag an Comhairle Eorpach dá bhféadfadh Parlaimint na hEorpa a tuairim a chur isteach laistigh de thréimhse réasúnta chun ligean don Chomhairle Eorpach cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceapachán ag an gcruinniú a bheidh aici an 26-27 Deireadh Fómhair 2023, i bhfianaise gur éirigh Fabio Panetta as a phost mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Samhain 2023.

Mise le dúthracht duit,

Charles MICHEL

Uachtarán na Comhairle Eorpaí

Iatáin:

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle Eorpaí

chuig: Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh

A chara,

An 19 Meán Fómhair 2023, chuir an Chomhairle moladh faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, moladh atá i gcomhréir le hAirteagal 283(2) CFAE maidir le comhalta a cheapadh ar Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh [tag. 2023/0810 (NLE)].

I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 283(2) CFAE, leis seo téann an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh i dtaobh an mholta sin. Táthar ag dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa chomh maith.

Ba mhór ag an Comhairle Eorpach dá bhféadfadh Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh a tuairim a chur isteach laistigh de thréimhse réasúnta chun ligean don Chomhairle Eorpach cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceapachán ag an gcruinniú a bheidh aici an 26-27 Deireadh Fómhair 2023, i bhfianaise gur éirigh Fabio Panetta as a phost mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh ón 1 Samhain 2023.

Mise le dúthracht duit,

Charles MICHEL

Uachtarán na Comhairle Eorpaí

Iatáin:
